## Preaseisiúint 13 Deireadh Fómhair 2023

# Tá laghdú ar sheachadadh beartáin ó bhuaic na paindéime

Bailíonn ComReg sonraí ó sholáthróirí beartáin. Tugann na sonraí seo léagas ar sheachadadh beartáin in Éirinn agus léiríonn siad an tionchar a bhí ag an bPaindéim ar an scéal.

Léiríonn na sonraí a bailíodh na pointí seo a leanas

- Bhí ardú ar sheachadadh beartáin i 2020 agus 2021 de bharr na Paindéime agus na tréimhsí dianghlasála a lean í.
- Nuair a d'fhill cúrsaí go dtí mar a bhí siad roimh teacht na paindéime bhí laghdú ar theacht isteach airgid beartáin agus ar líon na mbeartán i 2022 i gcomparáid le 2021.
- Mar sin féin, in ainneoin an laghdú le bliain anuas, seachadtar anois níos mó beartáin ná sa tréimhse roimh theacht na Paindéime Covid-19, 2018 agus 2019.
- Má chuirtear 2022 i gcomparáid le 2019:
    - Mhéadaigh ioncam sheachadadh le beagnach €300 milliún (níos mó ná caoga a dó faoin gcéad, 52%).
    - Tháinig méadú 32 milliún ar líon na mbeartán (ardú de 30%),don chuid is mó i margadh inmheánach na tíre (a cuireadh sa bpost le seachadadh in Éirinn)
- Bhí teacht isteach iomlán de €875 milliún óna beartáin i 2022:
    - Bhí laghdú 9% ar an teacht isteach iomlán (thart ar €87 milliún) i gcomparáid le 2021.
    - Tá teacht isteach iomlán ar bheartáin tar éis laghdú don chéad uair. Roimhe sin bhí méadú 26% ó 2020 go 2021, agus 32% ó 2019 go 2020.

| Bliain | Ioncam (milliún | % Ardú / Laghdú |
|---|---|---|
| 2022 | 875.13 | - 9% |
| 2021 | 961.90 | + 26% |
| 2020 | 762.30 | + 32% |
| 2019 | 576.20 | + 4% |
| 2018 | 566.00 | N/A |

- Seachadadh 138.9m beartáin ar fad sa bhliain 2022

- Laghdaigh an méid a seachadadh le 14% (thart ar 23 milliún) i gcomparáid le 2021.
- Laghdaigh an méid seachadadh don chéad uair i 2022. Roimhe sin, bhí méadú 46% ó 2019 go dtí 2022, agus méadú níos lú ó 2020 go dtí 2021 de 4%.

| **Bliain** | **Méid (milliún)** | **% Ardú / Laghdú** |
|---|---|---|
| 2022 | 138.91 | - 14% |
| 2021 | 161.90 | + 4% |
| 2020 | 155.90 | + 46% |
| 2019 | 106.90 | + 17% |
| 2018 | 91.00 | N/A |

Tá an tuairisc le léamh anseo ar ChomReg.ie.

**CRÍOCH**

**Eisithe ag Tom Butler**
**Bainisteoir**
**Gnóthaí Poiblí,**
**ComReg**

**Teil: 01 8049639 Fón Póca: 087 2536358 tom.butler@comreg.ie**